

—2015—

Fuaiment Gaeil

Peadar Ó Riada

(CATHAOIRLEACH: MEIDHBHÍN NÍ ÚRDAIL)¹

Nuair a d'fhiafraigh an tOllamh Regina Uí Chollatáin díom cad is teideal don léacht seo anocht,² bhíos ag iarraidh rud éigin a ghlaoch air ná cuirfeadh teorainn orm. Ní minic dom labhairt go poiblí murach gur taispeántas nó ócáid ceoil é. Is é an t-ábhar ba mhaith liom a phlé ná go bhfuil Gaolainn, nó Gaeilge, agus ceol traidisiúnta na tíre seo agus cúrsaí Gaelacha dá leithéid ag fás agus ag dul timpeall na cruinne go léir; ach tá rud éigin bunúsach mícheart, agus mura ndéanfar é a leigheas anois, is é mo thuairim, fé cheann cúpla glúin, gur rud éigin difriúil ar fad a bheidh againn agus nach mbeidh an fháilte chéanna roimis ná ní osclóidh sé na doirse ar fud na cruinne mar a dhein ár gcultúr do lucht tionsclaíochta le caoga bliain anuas. Agus is é an rud a bhfuilim ag tagairt dó ná an cheist bhunúsach, 'cad atá ionainn mar Ghaeil', conas a thugann an ceol na comharthaí sóirt, nó a n-easpa, faoi deara, agus, mar sin, ba mhaith liom tosnú leis an gcorp.

Tá an teanga a úsáidimid mí-oiriúnach chun cur síos ar ár gcultúr féin, dar liom, agus, mar sin, sin é an chúis gur mhaith liom dul i dtreo an choirp. An cultúr atá againne riamh leis na mílte bliain siar is cultúr cluaise é agus sin é an ball den chorp atá forbartha againn chun eolas a chruinniú agus a bhailiú. Ní cultúr súl. Agus ba mhaith liom bogadh uaidh sin isteach go dtí an tuairim seo, an corp féinig. Suíonn tú isteach ann, amhail is go suíonn tú isteach i ngluaisteán. Tá *models* difriúla gluaisteáin ann agus tá *models* difriúla daoine ann. Tá dubh is buí, is geal is crón, mór agus beag, treibheanna éagsúla ar fud na cruinne. Tá gach treibh tar éis forbairt thar thréimhse fhada aimsire le cúinsí difriúla ag cur isteach orthu agus chuadar i ngleic leis na cúinsí ar shlite éagsúla óna chéile.

Ba mhaith liom labhairt freisin i dtaobh chás na teangan. Nuair a bhíonn cónaí ar dhuine sna críocha fuara—e.g. na hIonúitigh—deirtear go bhfuil anchuid focal ar fad acu don sneachta, mar sin é atá timpeall orthu an t-am go léir. Sa tslí chéanna, nuair atá'n tú i do chónaí in áit áirithe, thar na glúinte agus na mílte bliain téann sé sin i bhfeidhm ar an bpór agus forbraíonn teanga atá in oiriúint don áit sin. Bheadh an-chaint againne mar gheall ar bháisteach agus nithe cosúil leis sin, is dócha. Bhuel, de réir mar a fhorbraíonn treibh, forbraíonn nós stiúir acu agus is é an nós stiúrtha nó an nós maireachtála atá againn chun tosaigh sa lá atá inniu ann, agus atá le dhá mhíle bliain, an rud nó an córas Rómhánach. Thug na Normannaigh dúinn é sin sa taobh seo domhain, agus is é an rud mar gheall ar an rud Rómhánach ná is ón mbarr anuas nó ón lár amach a rialaíonn siad, le cumhacht fhisiciúil. Tomhaiseann siad gach aon rud. Bóthar díreach—cé mhéad *kilometres*?—cuir slabhra timpeall air sin agus abair 'sin páirc, is liomsa é sin, is seo é an luach atá ar an bpáirc sin'. Is é sin an saghas cultúir atá forbartha ansan agus sin é an cás ar fud an domhain Iartharaigh—bíodh sé in *America*, atá ag déanamh aithrise ar an stát Rómhánach nó an impireacht Rómhánach ó thaobh foirgneamh agus gach rud eile, nó san Eoraip nó san Astráil, pé áit in aon chor. Sin é an *model*, ón mbarr anuas: rialtas lárnach, bíodh poblacht agat nó ríocht nó pé rud é, ach rialtas lárnach agus an chumhacht ag sileadh amach síos uaidh, síos céim ar chéim. Agus nuair a fheiceann tú an saghas sin struchtúir, tá an teanga ag dul dá réir agus tá an ceol agus na huile rud eile ag dul dá réir chomh maith. Mar sin, le míle bliain sa tír seo, a bheag nó a mhór, seacht gcéad bliain ar aon chuma, tá an nós seo ag brú isteach orainn chun lárnú a dhéanamh ar gach rud. Tá an tuiscint sin, go cultúrtha, mí-oiriúnach don chorp atá againn.

Má fhéachaimid ar conas a oibríonn sé sin, abair, le ceol san Eoraip, an rud atá agat ná uimhreacha, go láidir, agus smacht ar rithim. Nuair a bunaíodh ceol na hEorpa, mar is eol dúinn inniu é, b'fhéidir suas le míle bliain ó shin sna críochaibh ó thuaidh san Eoraip, sa Danmhairg agus san Fhionlainn mar a bhfuilid na tíortha ansan inniu. Bhí an saghas tuairimíochta sin gur cuireadh an chláirseach ar a thaobh, más maith leat, agus gur toснаíodh ag déanamh na sreanganna a tharraingt le casúir bheaga, nó gur cuireadh feadóga le chéile ar aon bholg amháin gaoithe agus gur deineadh an *organ*. Is é an rud a tharla ansan ná fuairadar amach ná raghadh na nótaí go léir le chéile, má fhágann tú iad mar atáid sa nádúr. Agus fuairas rud ar a dtugann siad *tempered pitch*. Is é an bhrí atá leis sin ná nuair a théann tú ón nóta *do*, déarfaimis, go dtí *so*, má tá *perfect pitch* agat, mar a deir siad sa Bhéarla, agus más veidhleadóir tú, déanfaidh tú sa cheart é de réir an nádúir agus beidh an nóta beagáinín níos géire, beidh an dara nóta beagán níos airde suas mar sin. Agus nuair a chuireann tú iad sin go léir le chéile, cúig go dtí cúig eile, go dtí cúig eile—abair gur chuir sibh C, an nóta C, cúig suas go dtí G, cúig go dtí D, go dtí A, go dtí E, go dtí B, go dtí F agus thar n-ais go dtí C arís—nuair